Tá feidhm leis an ráta €7,500 in aghaidh an phoist i réigiúin an BMW agus S&E araon.

C. Conas a fheidhmíonn Airgeadas Cothromais?

F. Tá sé d'údarás ag Boird tacú le cuideachtaí trí scaireanna a cheannach, ar an mbonn go gcomhlíontar na gnáthchritéir incháilitheachta agus teorainneacha do Dheontas Caipitil. Maidir le suimeanna ar bith eile, arb ionann iad agus díbhinní nó airgead eile a fhaigheann an Bord i dtaca le scaireanna a cheannaítear, a thógtar nó a dhíoltar ina dhiaidh sin faoin mír seo, coinneoidh an Bord iad chun iad a athscaipeadh go háitiúil.

C. Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

F. Is féidir iarratas ar dheontas a dhéanamh trí fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chuig an mBord Fiontar sa cheantar ina bhfeidhmeoidh an gnó. Ach foirm iarratais a bheith faighte acu, rachaidh foireann an Bhoird Fiontar i dteagmháil leis an tionscnóir chun cruinniú a shocrú nó chun eolas breise a lorg.

C. Tá sé ag dul dian orm an fhoirm a líonadh isteach, cá háit is féidir liom cúnamh a fháil?

F. Tá foireann an Bhoird Fiontar ar fáil chun cuidiú le tionscnóirí foirmeacha iarratais a líonadh isteach agus a n-aird a tharraingt ar na cáipéisí tacaíochta a bhíonn de dhíth.

C. Má táim fós ag plé le tuairimí tosaigh, an féidir liom iad a phlé leis an mBord Fiontar?

F. Is féidir, feidhmíonn formhór na mBord Fiontar ionaid eolais agus fostaíonn siad Comhairleoirí Gnó a bheidh in ann do thogra a phlé leat agus an tacaíochtaí/céimeanna is fearr a oireann do do thogra gnó a shonrú duit. Beidh an fhoireann in ann tú a threorú i dtreo bogthacaíochtaí cuí feisin cosúil le cúrsaí oiliúna, meantóirí aus ceardlanna, etc.

C. An féidir liom a bheith cinnte go gcoimeádfar mo chuid smaointe faoi rún?

F. Bíonn an phlé a tharlaíonn idir an Bord Fiontar agus gnónna/daoine aonair a mbíonn cúnamh uathu faoi rún daingean.

C. Conas is féidir liom teacht ar an mBord Fiontar áitiúil?

F. Chun teacht ar do Bhord Fiontar áitiúil féach ar www.enterpriseboards.ie.

An English version of this leaflet is available on request

Tacaíochtaí Airgeadais

Is eagraíochtaí comhairle agus tacaíochta fiontraíochta áitiúla iad Boird Fiontar Contae agus Cathrach atá lonnaithe i ngach ceantar údaráis áitiúil in Éirinn. Is éard atá iontu, go bunúsach, ná 'siopa uileghabhálach' dóibh siúd atá ag smaoineamh ar gnó a bhunú nó do ghnónna beaga atá ann cheana féin ar mian leo comhairle agus tacaíochtaí a fháil i dtaca le fiontraíocht.

Boird **Fiontar**
Contae agus Cathrach

Ag tacú leis an bhfiontraíocht áitiúil
www.enterpriseboards.ie

Faigheann Boird Fiontar na Cathrach agus an Contae maoiniú ó Rialtas na hÉireann agus páirt-mhaoiniú ón Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Feidhmíonn na Boird Fiontar Contae agus Cathrach scéimeanna atá dírithe ar chuidiú, trí ghnáthdheontais agus trí chúnamh in-aisíoctha (caipiteal, fostaíocht nó rannpháirtíocht chothromais) le tionscadail bheaga eacnamaíocha a bhunú a bhfuil sé mar lárchuspóir leo poist inmharthana a chruthú agus a chothú agus an bonneagar eacnamaíoch a fhorbairt ar leibhéal áitiúil.

Tacaíochtaí Airgeadais

Déanann na Boird sin iarracht na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Poitéinseal fostaíochta agus breisluacha na micrifhiontar a uasmhéadú,
- Cur leis an gcumas iomaíochta náisiúnta,
- A mhéid is a bhítear ag brath ar earnálacha eacnamaíocha traidisúnta nó ar earnálacha atá ag meath,
- Tacú le rannpháirtíocht níos mó i bhforbairt agus i gcothú fiontar i measc daoine atá dífhostaithe agus i measc ban,
- Deiseanna fostaíochta a chur ar fáil i gceantair nach bhfuil chomh forbartha sin agus in áiteanna iargúlta d'fhonn forbairt réigiúnach níos buaine agus níos cothroime ó thaobh breisluacha de a bhaint amach.

D'fhéadfadh fiontair bheaga agus reatha sna hearnálacha incháilithe, eadhon monaróireacht agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, leas a bhaint as deontas caipitil, fostaíochta nó staidéir féidearthachta ón mBord áitiúil Fiontar Contae nó Cathrach. Áirítear ar fhiontair incháilithe na fiontair sin a fhostaíonn líon nach mó ná 10 gcomhalta foirne.

Is féidir deontais chaipitil a chur ar fáil chun meaisínre nó trealamh nua a cheannach, chun ionad oibre nua a thógáil nó chun cur le hionad reatha, agus is féidir deontais fostaíochta a chur ar fáil chun críche féin-fhostaíochta nó comhaltaí breise foirne lánaimseartha a earcú. Bíonn deontais staidéir féidearthachta i gceist nuair is mian leis an tionscnóir inmharthanacht fiontair nua ghnó a mheas, tabhairt faoi shuirbhé ar an margadh, tabhairt faoi tháirge nua nó réamhshamhail a fhorbairt nó comhairleoireacht sheachtrach a cheannach 'isteach' chun cuidiú le táirge nua nó éagsúlú fiontair a mheas.

C. Cad iad na critéir do chúnamh?

F. Ní mór do thionscadail a bhíonn ag lorg cúnaimh líon níos lú ná deich bhfostaí a bheith acu, ní mór dóibh bheith i réimse tráchtála agus ní mór dóibh margadh don táirge/seirbhís a léiriú agus ní mór dóibh, go háirithe, cumas fáis agus cruthaithe post a bheith acu. Ba chóir do thionscnóirí tionscadail a bheith in ann na nithe seo a leanas, go háirithe, a léiriú:

- Tá margadh ann don táirge nó don tseirbhís bheartaithe
- Beidh airgeadas leordhóthanach tríd is tríd ar fáil chun an tionscadal a mhaoiniú
- Tá an cumas bainistíochta agus teicniúil acu chun an tionscadal beartaithe a chur i bhfeidhm. Maidir leis na tionscadail atá ag iarraidh cúnamh a fháil, ba chóir dóibh luach a chruthú chun ioncam a ghiniúint nó chun cur le hioncam dóibh siúd a bhaineann leis an tionscadal agus ba chóir dóibh bheith in ann fostaíocht dhíreach nua, bíodh sin fostaíocht lánaimseartha/ pháirtaimseartha/ shéasúrach a chruthú nó ba chóir dóibh, ar a laghad, cudiú go díreach le fostaíocht a chothú i bhfiontair reatha.

C. Conas a roghnaíonn na Boird Fiontar tionscadail chun críche cúnaimh?

F. Déanann na Boird Fiontar Contae agus Cathrach gach togra tionscadail a mheas go córasach. Déanann an Coiste Measúnachta an t-iarratas tosaigh a mheas agus déantar moladh don Bhord i dtaca le leibhéal agus cineál an chúnaimh agus foinsí eile airgeadais a bhíonn ar fáil á nglacadh san áireamh. Riachtanas foriomlán a bhíonn ann ná díláithriú nó 'marbhmheáchan' a sheachaint. Seo a leanas na critéir roghnúcháin:

- Caighdeán an togra tionscadail agus a ábharthacht agus a bhuntáistí eacnamaíocha
- Inmharthanacht tráchtála an fhiontair agus an togra tionscadail
- Airgeadú meaitseála a bheith ar fáil/stádas airgeadais reatha an fhiontair agus foinsí beartaithe maoiniúcháin
- Costéifeachtúlacht an togra
- An méid a dhéanann an togra i dtaca le forbairt an fhiontair ó thaobh acmhainn inmheánach de
- An poitéinseal do 'mharbhmheáchan' nó do dhíláithriú
- Tionchar ar bhochtaineacht, ar chomhionannas, ar fhorbairt tuaithe agus ar an gcomhshaol.

Ní mór tús áite a thabhairt do sheirbhísí déantúsaíochta agus do sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, ar féidir leo forbairt a dhéanamh le himeacht ama go haonáin láidre easpórtála agus dul isteach i bportfóilió Fhiontraíocht Éireann; tionscadail turasóireachta a bhíonn dírithe go príomha ar chuairteoirí ó thar lear agus seirbhísí a chuirtear ar fáil go háitiúil arna gcothú ag daoine atá dífhostaithe nó a dífhostaíodh le déanaí agus ag mná atá ag filleadh ar obair.

C. Cé na deontais atá ar fáil?

F. Tá ceithre chineál dreasacht airgeadais ar fáil ó na Boird Fiontar:

- Deontas do Staidéar Féidearthachta (réigiún BMW: uasmhéid €6,350; réigiún an Deiscirt agus an Oirthir: €5,100)
- Deontas Caipitil (/Caipiteal In-aisíoctha) suas le €75,000
- Deontas Fostaíochta (/Fostaíocht In-aisíoctha) suas le €7,500 in aghaidh gach fostaí nua suas le deich bhfostaí. D'fhéadfadh go mbeadh deontas fostaíochta i gceist freisin do dhuine atá ag cur tús lena g(h)nó féin.
- Airgeadas Cothromais – is féidir suas le €75,000 a infheistiú i gcuideachtaí teoranta incháilithe i bhfoirm Infheistíocht Scaireanna Tosaíochta.

C. Cad is Deontas do Staidéar Féidearthachta ann?

F. Féadfar deontais féidearthachta a chur ar fáil chun cuidiú leis an gcostas a bhaineann le staidéir a bhfuil gá leo a dhéanamh agus Tionscnóirí ag dul i mbun gnó nua nó gnó reatha chun éileamh an mhargaidh ar tháirge nó ar sheirbhís nuabheartaithe, oiriúnacht na bpleananna gaolmhara maoiniúcháin agus inmharthanacht ghinearálta an fhiontair a mheas. D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san áireamh i staidéar féidearthachta: táillí comhairleoirí a bhain le taighde a dhéanamh ar an margadh, le forbairt táirge, le measúnú airgeadais, le measúnú láithreáin agus le plean gnó. I réigiún an BMW, tá uasmhéid 60% den chostas a bhaineann le Staidéar Féidearthachta a chur le chéile, faoi réir iasmhéid €6,350 i gcás tionscadal aonair, ar fáil. I gcás réigiún an Deiscirt agus an Oirthir, 50% den chostas suas go huasmhéid €5,100 atá sna rátaí.

C. Conas a fheidhmíonn Deontas Caipitil?

F. Is féidir Deontas Caipitil a fháil chun cuidiú le trealamh a cheannach, le hionad oibre/monarcha a thógáil, nó le foirgneamh reatha a athchóiriú agus a fheistiú.

I réigiún an BMW, bíonn Deontas Caipitil suas le 50% d'infheistíocht incháilithe nó €75,000 ar fáil. Ní mór aon chuid den deontas a théann níos mó ná 40% de shócmhainní seasta incháilithe a bheith i bhfoirm in-aisíoctha.

I réigiún an Deiscirt agus an Oirthir, bíonn Deontas Caipitil suas le 50% d'infheistíocht incháilithe nó €75,000 ar fáil. Ní mór aon chuid den deontas a théann níos mó ná 35% de shócmhainní seasta incháilithe a bheith i bhfoirm in-aisíoctha.

Ní bhíonn Deontais Chaipitil ar fáil chun foirgnimh a cheannach/a fháil.

C. Mínigh Deontais Fostaíochta

F. Féadfar deontais fostaíochta suas le huasmhéid €7,500 in aghaidh an fhostaí do suas le 10 bhfostaí a bhronnadh ar fhiontair incháilithe nua/atá faoi leathnú in ionad deontas caipitil sa chás gur féidir a léiriú go soiléir nach bhfuil ganntanas lucht oibre ann agus sa chás sin amháin.

Íoctar Deontas Fostaíochta in dhá chuid. Íoctar an chéad chuid den deontas nuair a fhostaítear an duine (ar bhonn lánaimseartha) agus nuair a chláraítear leis na Coimisinéirí Ioncaim. Íoctar an dara cuid sé mhí níos déanaí, má bhíonn an duine sin fós i bhfostaíocht lánaimseartha. Éileofar ar fhostóirí a léiriú gur cláraíodh an fostaí agus go gcuirtear tuairisceáin i dtaca le Cáin Ioncaim ar aghaidh dó/di. >>